Beannacht do Fhleasc na hAidbhinte

Bain úsáid as ceol feiliúnach don seirbhís urnaithe gairid seo.

Ceol Machnamhach atá le fáil do gach rang ar shuíomh idirlín "I nGrá Dé"

RÉAMHRÁ

Is tréimhse chun ullmhúchán a dhéanamh agus tréimhse lán le hiontas agus dóchas iad na ceithre seachtaine roimh na Nollag ar a dtugtar Aidbhint. Le linn na hAidbhinte, insíonn na fáithe agus Eoin Baiste go bhfuil an Slánaitheoir gar do láthair. Is am í an Aidbhint a mbíonn muid ag fanacht lán le hiontas agus le dóchas. Is am é freisin ina ndéanann muid urnaí.

<u>Éisteadh muid anois le focail Íseáia, an fáidh:</u>

SLIOCHT AS LÉACHT DE CHUID ÍSEÁIA AN FÁIDH, 9:1-2

Chonaic na daoine a shiúil sa dorchadas solas iontach; Tá solas nua tar éis breacadh anois orthu siúd a mhair i dtír a bhí chomh dorcha leis an mbás. Mhéadaigh tú a n-áthas agus thug sonas dóibh; Déanann siad lúcháir ar nós na ndaoine a dhéanann lúcháir as an bhfómhar, ar nós na laochra ag roinnt na creiche.

FLEASC NA HAIDBHINTE

De réir mar a éiríonn na hoícheanta níos dorcha agus na laethanta níos giorra, breathnaíonn muid ar na comharthaí saolta- solas agus géaga glasa- agus smaoinaíonn muid ar an ngeallúint a thug Dia don domhan: go dtiocfaidh Críost, ár Solas agus ár nDóchas.

GUÍMIS

A Dhia, agus muid ag déanamh lúcháire, cuimhnímid ar an ngeallúint a thug tú dúinn i.e. do Mhac a chur chugainn.
Iarraimid ort an fleasc seo a bheannú.
Go gcuire sé teacht Íosa um Nollaig i gcuimhne dúinni i gcónaí.
De réir mar a neartaíonn solas na gcoinneal ar an bhfleasc seo
Iarraimid ort go n-éireoidh solas Chríost níos láidre agus níos gile inár gcroíthe.
Go bhfaighfimid beannacht Chrióst,
Agus go lasfaidh sé an bealach dúinn agus go dtreoraí a fhírinne ar ár slí muid.
Go dtuga Críost ár Slanaitheoir beatha i ndorchadas an domhain agus dúinne
Atá ag fanacht lena theacht.
Iarraimid é seo, trí Chríost ár dTiarna. Áiméan

Lasann an páiste is óige sa scoil (le cúnamh!) an chéad choinneal corcra.

GUÍMIS

A Thiarna Dia, lasfaimid an choinneal seo chun buíochas a ghlacadh leat as ucht do Mhac, ár Slánaitheoir Íosa Críost, solas an domhain, a chur chugainn.
Chonaic muide, a bhí ina suí sa dorchadas, solas iontach.
Is é solas Íosa Críost, ár Slánaitheoir,
Glacaimid buíochas leat agus tugaimid moladh duit in ainm Íosa,
De bhrí go maireann tú agus go bhfuil tú i réim ina ghlóire,

Agus in aontacht leis an Spiorad Naomh. Áiméan.

Guímid chun an Athar mar a d'iarr ár Slanaitheoir dúinn a dhéanamh:

Ár nAthair, atá ar neamh...

GUÍMIS

A Dhia, ár nAthair, tá pobal na scoile seo taréis tús a chur le hullmhúchán na hAidbhinte. Bí linn agus muid ag foghlaim níos mó faoin am seo den bhliain. Go bhfaire muid le hurnaí, go n-éistimid le dóchas, go mbeidh ár gcroíthe líonta le hionadh agus go molaimid tú i gcónaí. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna. Áiméan